



SPÓRT
ÉIREANN
RANNPHÁIRTÍOCHT

SPORT
IRELAND
PARTICIPATION

Plean Rannpháirtíochta 2025-2027





Clár na nÁbhar

| | |
|--|----|
| Cúlra | 4 |
| Réamhrá | 6 |
| Athbhreithniú ar an bPlean Rannpháirtíochta, 2021 - 2024 | 8 |
| Rannpháirtíocht 2025 - 2027 | 12 |
| Colúin Straitéiseacha agus Príomhghníomhartha | 15 |
| Cumarsáid | 22 |
| Tomhas agus Tuairisciú | 23 |
| Príomhtháscairí Feidhmíochta faoi 2027 | 24 |

Cúlra

Fís

Éire ghníomhach inar féidir le gach duine taitneamh a bhaint as tairbhí fadsaoil an spóirt agus na gníomhaíochta coirp.

Misean

Díreoidh Spórt Éireann a chuid oibre ar a chinntiú gur náisiún ghníomhach é Éire ina spreagtar daoine tosú ar an spórt, leanúint de bheith páirteach ann, dul chun cinn a dhéanamh agus éachtaí a bhaint amach sa spórt. Chun é sin a dhéanamh, oibreimid go dlúth lenár gcomhpháirtithe, chun an leas is fearr is féidir a bhaint as éifeachtacht agus tionchar na ngníomhaireachtaí, na ndaoine agus na n-áiteanna a chuireann deiseanna spóirt ar fáil.



Bunluachanna Spórt Éireann



Ionchuimsiú:

Caithimid dúthracht le timpeallacht ionchuimsitheach a chothú i ngach a ndéanaimid. Cuirimid fáilte roimh dhaoine ó gach cúlra, léirimid meas orthu, agus bíonn tuairimí éagsúla á lorg againn.



Ionracas:

Déanaimid de réir ár mbriathair, cuirimid an méid a dhéanaimid in iúl, agus déanaimid ár gcuid oibre ar bhealach ionraic agus eiticíúil.



Meas:

Tá meas againn orainn féin agus ar dhaoine eile, agus gníomhaímid le cineáltas agus cothroime i ngach a ndéanaimid.



Sármhaitheas:

Déanaimid soláthar chomh maith agus atá ar ár gcumas agus chuig na caighdeáin is airde. Forbraímid córais agus seirbhísí den chéad scoth, agus feabhas leanúnach mar bhonn agus mar thaca leo.



Cuntasacht:

Bíonn na cinntí a dhéanaimid bunaithe ar fhianaise agus bímid oscailte agus trédhearcach faoi na nithe a dhéanaimid agus faoin gcaoi a ndéanaimid iad.

Tá Plean Rannpháirtíochta Spórt Éireann bunaithe ar na tosaíochtaí i Ráiteas Straitéise Spórt Éireann (2023-2027), i bPlean Cóitseála Spórt Éireann (2020-2025), i Straitéis Taighde Spórt Éireann (2021-2027), i mBeartas Spórt Éireann um Éagsúlacht agus Ionchuimsiú sa Spórt, i Straitéis Náisiúnta Áineasa faoin Aer Rialtas na hÉireann, sa Chód Rialachais don Spórt, agus sa Phlean Gníomhaíochta Spóirt (2024-2027).

Réamhrá

Gach lá, i bpobail ar fud na tíre, cabhraíonn Spórt Éireann le daoine éirí gníomhach trí dheireadh a chur le bacainní ar rannpháirtíocht i spórt agus gníomhaíocht choirp trínár líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt (CÁSanna) agus trí na Coistí Náisiúnta Rialaithe (CNRanna). Tá na CÁSanna, na CNRanna agus na comhlachtaí maoinithe eile ag Spórt Éireann ina bpríomh-chomhpháirtithe le Spórt Éireann maidir lena mhisean a chomhlíonadh, is é sin a chinntiú “gur náisiún gníomhach é Éire ina spreagtar daoine tosú ar an spórt, leanúint de bheith páirteach ann, dul chun cinn a dhéanamh agus éachtaí a bhaint amach sa spórt” agus roinneann siad paisean Spórt Éireann faoi mhuintir na hÉireann a spreagadh le héirí gníomhach go fisiciúil agus páirt a ghlacadh sa spórt, agus a chaitheann dúthracht lena chinntiú go mbeadh an deis sin ag gach duine den phobal.

Tá ról ríthábhachtach ag an spórt i sláinte, folláine agus creatlach shóisialta na hÉireann. Agus aitheantas á thabhairt aige do bhuntáistí ollmhóra an spóirt, tá spriocanna uaimhianacha leagtha amach ag Rialtas na hÉireann, sa Bheartas Náisiúnta Spórt 2018-2027, chun cur le rannpháirtíocht i spórt agus i ngníomhaíocht choirp i measc

an daonra uile. Tá Spórt Éireann, mar an t-údarás reachtúil atá freagrach as spórt a fhorbairt, tiomanta a bheith ar thús cadhnaíochta san iarracht seo.

Tá an Plean Rannpháirtíochta seo le haghaidh 2025-2027 ríthábhachtach chun na cuspóirí náisiúnta seo a bhaint amach. Cuireann sé leis na prionsabail bhunúsacha agus na cuspóirí straitéiseacha atá leagtha amach i **Ráiteas Straitéise Spórt Éireann (2023-2027)**, a chuireann rannpháirtíocht mhéadaithe chun cinn le béim ar leith ar éagsúlacht agus ar chuimsiú.

Déanann sé an treoir mhionsonraithe ó **Phlean Cóitseála Spórt Éireann (2020-2025) agus na prionsabail maidir le forbairt inbhuanaithe réiteoireachta a chomhtháthú**. Aithníonn sé ról lárnach na cóitseála agus na réiteoireachta ardchaighdeán chun eispéiris dhearfacha agus rannpháirtíocht ar feadh an tsaoil a chothú.

Ina theannta sin, tá sé bunaithe ar chur chuige dian, fianaise-bhunaithe **Straitéis Taighde Spórt Éireann (2021-2027)** agus an tiomantas do rochtain agus deis chothrom atá cumhdaithe i **mBeartas Spórt Éireann um Éagsúlacht agus Ionchuimsiú**.

Is doiciméad faisnéise ríthábhachtach freisin é **Straitéis Náisiúnta Áineasa faoin Aer Rialtas na hÉireann (Téigh Amach faoin Aer, 2023-2027)** ina leagtar béim ar a thábhachtaí atá deiseanna áineasa faoin aer atá inrochtana, cuimsitheach agus inbhuanaithe.

Cinntítear ionracas agus éifeachtacht earnáil an spóirt freisin trí chloí leis an **gCód Rialachais don Spórt**.

Ar deireadh, déanann an plan seo na tionscnaimh shonracha agus na réimsí fócais feabhsaithe a sainithníodh sa **Phlean Gníomhaíochta Spóirt 2024-2027** a chur i bhfeidhm go díreach, rud a chinntíonn cur chuige comhordaithe agus éifeachtach i leith forbairt spóirt ar fud na tíre.



Athbhreithniú ar an bPlean Rannpháirtíochta, 2021 - 2024

Ceapadh an chéad Phlean Rannpháirtíochta de chuid Spórt Éireann in 2021 agus bhí sé i bhfeidhm go dtí 2024. Bhí sé bunaithe ar an mBeartas Náisiúnta Spórt 2018-2027 agus ar Straitéis Spórt Éireann 2018-2022. Agus an Plean Rannpháirtíochta á cheapadh, cuireadh Éire Shláintiúil, an Creat le haghaidh Sláinte agus Folláine Feabhsaithe, 2013–2025 agus an Plean Náisiúnta um Gníomhaíocht Choirp san áireamh. Cuireadh forbairtí náisiúnta agus domhanda san áireamh freisin, agus an plean á cheapadh.

Cé go raibh na straitéisí thuas mar threoir ag an bplean sin, bhí roinnt gníomhartha ann a bhí lasmuigh de bheartais náisiúnta agus é mar aidhm acu athrú a mholadh i roinnt beartas de chuid an rialtais, chun leibhéil rannpháirtíochta i ngach aoisghrúpa a mhéadú.

Lean sé prionsabail Phlean Gníomhaíochta Domhanda maidir le Gníomhaíocht Choirp de chuid na hEagraíochta Domhanda Sláinte agus leathnaigh sé an timpeallacht ina dtarlaíonn spórt agus gníomhaíocht choirp ar fud na hÉireann. Tá an plean iomlán le fáil ag www.sportireland.ie/participation-plan

Rinneadh faireachán fairsing ar an bplean go himmheánach trí thuarascálacha ar an dul chun cinn a cuireadh faoi bhráid an fhochoiste Taighde & Rannpháirtíochta agus Bhord Spórt Éireann faoi dhó gach bliain.

Is tábhachtach aitheantas a thabhairt don mhéid a baineadh amach faoi Phlean 2021-2024. Ghlac 49% den daonra páirt sa spórt ar bhonn seachtainiúil in 2024, méadú ó 40% in 2021. Ciallaíonn an t-athshlánú sin ar rátaí rannpháirtíochta tar éis thionchar Covid-19 go raibh 2.09 milliún duine rannpháirteach sa spórt ar bhonn rialta in 2024.

Mar chabhair leis an méadú sin ar rannpháirtíocht sa spórt, tá an méadú atá ag teacht ar an líon déagóirí agus daoine fásta óga rannpháirteacha in Éirinn. Is acusan atá na rátaí rannpháirtíochta is airde sa spórt as na haoisghrúpaí uile. Chomh maith leis sin, tá daoine meánaosta agus breacaosta ag coinneáil a rátaí rannpháirtíochta sa spórt agus iad ag dul in aois. D'ainneoin an fháis atá tagtha ar an daonra (9.8% ó 2018), tá na figiúirí is déanaí ag teacht le réamh-mheastacháin Spórt Éireann. Tá coinne leis go mbainfear amach ráta rannpháirtíochta daoine fásta de 50% faoi 2027, ráta is ionann é agus 200,000 duine breise rannpháirteach sa spórt. Tháinig laghdú ar leibhéil neamhghníomhaíochta i measc daoine fásta freisin le linn shaolré an Phlean ó 18% in 2021 go 15% in 2024.

Mar sin féin, is fiú a thabhairt ar aird agus is ábhar imní é go bhfuil grádáin rannpháirtíochta ann fós a bhaineann le hinscne, míchumas, aois agus stádas socheacnamaíoch. Tá an difríocht i rátaí rannpháirtíochta gníomhaí sa spórt idir na haicmí sóisialta ABC1 agus C2DE mar an gcéanna le 2023 agus 2019, is é sin 19 bpointe céatadáin. Tháinig ardú ar an ngrádán rannpháirtíochta do dhaoine faoi mhíchumas ó 20 pointe céatadáin in 2023 go dtí 22 phointe céatadáin in 2024. Ina theannta sin, tháinig ardú ar an difríocht i rátaí rannpháirtíochta gníomhaí sa spórt ag daoine os cionn 35 bliana d'aois agus daoine faoi bhun 35 bliana d'aois, ó 24 phointe céatadáin in 2023 go dtí 26 phointe céatadáin in 2024.

Cuireadh Plean 2021-2024 i bhfeidhm le linn na paindéime Covid-19 agus mar sin cuireadh moill ar líon beag gníomhartha de bharr na n-acmhainní teoranta a raibh fáil orthu an tráth sin.





49%

AN LEIBHÉAL
RANPHÁIRTÍOCHTA
IN 2024
(ARDÚ Ó 40% IN 2021)



LÍON NA nDAOINE
FÁSTA GNÍOMHACHA A
BHÍONN PÁIRTEACH GO
RIALTA



15%

AN LEIBHÉAL
NEAMHGHNÍOMHACHTA
(LAGHDÚ Ó 18% IN 2021)



DAOINE ÓGA

NA LEIBHÉIL IS AIRDE
GNÍOMHAÍOCHTA



DAOINE BREACAOSTA

RANPHÁIRTÍOCHT
SEASMHACH LE hAOIS



FÁS AR AN DAONRA

ARDÚ 9.8%
RANPHÁIRTÍOCHT AG
FÁS I gCOMHRÉIR LEIS


Mar gheall ar na hacmhainní teoranta agus na tosaíochtaí a tháinig chun cinn le linn Covid-19, cuirfear na gníomhartha seo a leanas as Plean 2021-2024 atá fós le déanamh san áireamh i bPlean Rannpháirtíochta 2025-2027:

Gníomhartha atá fós le déanamh:

- Tacú leis an earnáil spóirt chun bacainní a shárú ó thaobh rochtain a dhéanamh ar bhonneagar spóirt do scoileanna agus pobail, lena n-áirítear rochtain ar an gclúdach árachais riachtanach.
- Réitigh ar dhúsláin iompair a bhaineann le rochtain a dhéanamh ar shaoráidí tar éis na scoile a shainaithint agus a chur chun feidhme.
- Tionscnaimh agus an tacaíocht is gá a fhorbairt chun saoráidí agus seirbhísí aclaíochta poiblí agus príobháideacha a spreagadh agus a dhreasú chun díriú ar dhul i ngleic leis na grádáin i rannpháirtíocht sa spórt.
- Infheistiú i CNRanna agus CÁSanna chun comhoibriú le gnólachtaí, agus gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí stáit chun cultúr d'áiteanna oibre gníomhacha a chruthú.
- Réitigh nuálacha chun cur le rannpháirtíocht sa spórt i gceantair thuaithe, áiteanna a d'fhéadfadh an t-achar agus iompar chuig saoráidí bac a chur ar rannpháirtíocht rialta sa spórt, a shainaithint agus tacú leo.

Rannpháirtíocht 2025 - 2027

Tá gealltanús tugtha ag Spórt Éireann méadú mór a chur ar leibhéal rannpháirtíochta i ngach déimeagrafaic in Éirinn trí straitéisí fianaise-bhunaithe a chur chun feidhme, cóitseáil ardchaighdeáin a chumhachtú, agus comhpháirtíochtaí comhoibríocha a chothú, agus dá réir sin cur leis na spriocanna sa Bheartas Náisiúnta Spórt 2018-2027.



Forbraíodh an plean seo faoi na treoirphrionsabail seo a leanas:

- **Ionchuimsitheacht & Éagsúlacht:** Spórt do chách a chur chun cinn go gníomhach, ag díriú ar dheireadh a chur le bacainní agus rannpháirtíocht a mhéadú i measc grúpaí faoi ghannionadaíocht.
- **Cóitseáil agus Réiteoireacht Ardchaighdeáin:** Cóitseáil agus réiteoireacht a aithint mar bhunchloch den rannpháirtíocht agus infheistiú iontu, chun cleachtais atá inrochtana, ardchaighdeáin agus dírithe ar rannpháirtithe ar gach leibhéal a chinntiú.
- **Cur Chuige Fianaise-Bhunaithe:** Úsáid a bhaint as taighde, faireachán agus meastóireacht láidir mar bhonn eolais don chinnteoireacht, chun tionchar a thomhas agus chun straitéisí a leasú le go mbeidh an éifeacht is fearr is féidir acu.
- **Comhoibriú & Comhpháirtíocht:** Comhghuaillíochtaí láidre a chothú le CÁSanna, CNRanna, ranna rialtais, Údaráis Áitiúla, Forais Oideachais agus le príomhpháirtithe leasmhara náisiúnta agus áitiúla chun cláir chomhtháite agus éifeachtacha a chur ar fáil.
- **Rannpháirteachas ar Feadh an tSaoil:** Tacú le bealaí a spreagann daoine a bheith rannpháirteach sa spórt agus sa ghníomhaíocht choirp ón luath-óige go dtí go mbeidh siad ina ndaoine fásta, agus tiomantas agus taitneamh fadtéarmach a chur chun cinn.
- **Inbhuanaitheacht:** A chinntiú go mbeidh acmhainn agus bonneagar na hearnála spóirt inbhuanaithe agus inoiriúnaithe do riachtanais amach anseo, lena n-áirítear ceisteanna comhshaoil agus úsáid fhreagrach spásanna amuigh faoin aer.

Tá sé mar aidhm ag na gníomhartha thíos méadú a chur ar rannpháirtíocht sa spórt agus sa ghníomhaíocht choirp. Díreoidh gach gníomh ar na grúpaí thuas mar thosaíocht agus tabharfaidh siad aghaidh ar an oiread bacainní agus is féidir chun tacú le níos mó daoine i ngach aoisghrúpa a bheith níos gníomhaí agus rannpháirtíocht a choinneáil.

Léiríonn fianaise ó thíortha Eorpacha ag a bhfuil rátaí rannpháirtíochta níos airde go bhfuil na leibhéil spóirt agus áineasa faoin aer níos airde ná mar atá in Éirinn. Mar gheall ar an spéis atá ag daoine a bheith amuigh faoin aer tar éis Covid-19 agus an spéis atá ag an tsochaí meabhairshláinte níos fearr a chothú trí cheangal leis an dúlra, tugtar tosaíocht sa phlean seo don spórt agus don áineas faoin aer chun leas a bhaint as spéis an phobail iontu, agus chun a chinntiú go mbeidh cur chuige níos ailínithe ag an earnáil faoin aer i leith na rannpháirtíochta.

Beidh obair na CÁSanna agus na CNRanna go léir lárnach i gcónaí chun rannpháirtíocht a bhaint amach.







Colúin Straitéiseacha agus Príomhghníomhartha

Colún 1: Rannpháirtíocht a Leathnú Amach agus Rochtain a Fheabhsú

Cuspóir: Méadú a chur ar rannpháirtíocht ghníomhach sa spórt agus sa ghníomhaíocht choirp agus ar rannpháirteachas sóisialta, ag díriú go sonrach ar bhearnaí rannpháirtíochta a dhúnadh, ar áineas faoin aer agus ar labhairt ar son rochtain níos mó ar shaoráidí.

Príomhghníomhartha:

Cláir Spriocdhírthe do Ghrúpaí faoi Ghannionadaíocht:

- Leanúint de chláir saincheaptha do ghrúpaí faoi ghannionadaíocht a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, aghaidh a thabhairt ar bhacainní sonracha ar rannpháirtíocht agus comhionannas inscne sa spórt a chur chun cinn.
- Tionscnaimh a thabhairt chun cinn agus a chomhordú, athbhreithniú a dhéanamh ar mhaoiniú le haghaidh spórt do dhaoine faoi mhíchumas, agus feabhas a chur ar dheiseanna do dhaoine faoi mhíchumas tríd an obair a dhéanann Ceann um Míchumas sa Spórt, Míchumas Gníomhach Éireann, CÁSanna agus CNRanna.
- Tionscnaimh a cheapadh agus a chur i bhfeidhm chun rannpháirtíocht a mhéadú i measc phobail faoi mhíbhuntáiste sóisialta agus eacnamaíoch, ar tionscnaimh iad a thugann athrú sóisialta chun cinn trí chláir mar shampla Sport4Empowerment, Gníomhaíocht Choirp don tSláinte, Forbairt Spóirt sa Phobal, Rannpháirtíocht sa Spórt.
- Cleachtais ionchuimsitheacha a chur chun cinn laistigh de CÁSanna agus CNRanna, acmhainní agus oiliúint faoi éagsúlacht agus cuimsiú a chur ar fáil.
- Oibriú le CNRanna a bhfuil oifigigh forbartha scoileanna acu chun ár spriocanna a bhaint amach i scoileanna.





Naisc le Pobail agus Scoileanna:

- Tacú le cur i bhfeidhm cuimsitheach Pleananna Spóirt Áitiúla i ngach limistéar Údarás Áitiúil, agus a chinntiú go bhfuil siad i gcomhréir le spriocanna náisiúnta rannpháirtíochta agus riachtanais áitiúla, ionas go mbeidh siad mar bhonn taca le forbairt saoráidí iomchuí (lena n-áirítear spásanna gníomhacha) le go bhféadfaidh pobail faoi mhíbhuntáiste a bheith níos gníomhaí.
- Tacú le cláir agus tionscnaimh chomhoibríocha a fhorbairt san earnáil spóirt a bhaineann go sonrach le hiar-bhunscoileanna, agus sruthanna maoinithe gaolmhara a fháil chun méadú a chur ar rannpháirtíocht sna haoisghrúpaí sin
- An nasc idir comhlachtaí spóirt agus scoileanna a neartú agus rannpháirtíocht ag aois óg a chur chun cinn ag an am céanna trí thionscnaimh mar shampla an clár Bratach do Scoileanna Gníomhacha.
- Labhairt ar son na rochtana is mó is féidir ag pobail ar shaoráidí spóirt i scoileanna, agus an bonneagar atá ann cheana féin a chur ar fáil níos mó le húsáid ag an bpobal.

Deiseanna Áineasa Faoin Aer:

- Comhoibriú le gníomhaireachtaí ábhartha agus páirtithe leasmhara chun tacú le forbairt inbhuanaithe agus bainistiú saoráidí agus seirbhísí áineasa faoin aer, mar a leagtar amach sa Straitéis Náisiúnta Áineasa Faoin Aer.
- Feasacht faoi dheiseanna faoin aer agus rannpháirteachas freagrach a chur chun cinn, tuilleadh rannpháirtíochta i ngníomhaíochtaí mar shampla siúl, rothaíocht, snámh agus spóirt uisce a spreagadh.
- Tacú le tionscnaimh rannpháirtíochta i CNRanna Faoin Aer chun rannpháirteachas sa spórt faoin aer a thabhairt chun cinn.
- Tacú le tionscnaimh a chuireann feabhas ar rochtain ar an timpeallacht faoin aer do chách, go háirithe do dhaoine óga agus do ghrúpaí faoi ghannionadaíocht.

Colún 2: Cáilíocht agus Tionchar na Cóitseála agus na Réiteoireachta a Fheabhsú

Cuspóir: Cóitseálaithe agus oifigigh oilte, cáilithe agus spreagúla a chinntiú do gach rannpháirtí, agus eispéiris dhearfacha a spreagann rannpháirteachas ar feadh an tsaoil a chothú.

Príomhghníomhartha:

Oideachas agus Forbairt do Chóitseálaithe agus Oifigigh:

- Oideachas, oiliúint agus cáilíochtaí inrochtana do gach cóitseálaí agus oifigeach a chur i bhfeidhm agus athbhreithniú leanúnach a dhéanamh orthu.
- Na boinn chóitseála agus réiteoireachta a leathnú chun níos mó daoine ó ghrúpaí faoi ghannionadaíocht a earcú agus tacú leo go gníomhach chun glacadh le róil chóitseála agus réiteoireachta.
- Forbairt scileanna láidre idirphearsanta a chur chun cinn i measc cóitseálaithe agus oifigeach, go háirithe dóibh siúd atá ag obair le páistí agus le tosaitheoirí, agus béim ar iompar agus ar dhearcthaí seachas díreach ar scileanna teicniúla amháin ar an leibhéal iontrála.

Aitheantas agus Tacaíocht do Chóitseálaithe agus Oifigigh:

- Próifíl agus aitheantas cóitseálaithe agus oifigeach a ardú ar gach leibhéal den spórt.
- Córais tacaíochta oiriúnacha agus inrochtana a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do chóitseálaithe agus d'oifigigh nua agus thaithíochta araon, meantóireacht agus pobail chleachtais san áireamh.
- A chinntiú go gcoimeádtar agus go gcuirtear chun cinn caighdeán náisiúnta choiteanna maidir le hoideachas, oiliúint agus gradaim cóitseálaithe.
- A chinntiú go gcuirtear obair 'Meas ar Oifigigh' i bhfeidhm, agus go gcuirtear oifigigh ar comhchéim le rannpháirtithe.



SPORTS IRELAND

REFEREE

Volleyball Ireland

FIVB

Senoh

REFEREE

Volleyball Ireland

Senoh

Colún 3: Oibrithe deonacha a Chumhachtú agus Rannpháirtíocht Shóisialta a Chur Chun Cinn

Cuspóir: Oibriú deonach san earnáil spóirt a fhorbairt agus rannpháirteachas sóisialta a mhéadú trí bhallraíocht i gclubanna.

Príomhghníomhartha:

Oibrithe Deonacha a Fhorbairt:

- Tionscnaimh a eascraíonn as Beartas Spóirt Éireann maidir leis an Obair Dheonach sa Spórt a chur chun feidhme agus tacú le hoibrithe deonacha a earcú, oiliúint a chur orthu agus iad a choinneáil.
- I gcomhar le hObair Dheonach Éireann, deiseanna oiliúna agus forbartha atá solúbtha agus inrochtana a fhorbairt d'oibrithe deonacha, agus aitheantas a thabhairt do phatrúin rannpháirteachais atá ag athrú.
- Feasacht a mhúscailt faoin ról ríthábhachtach atá ag oibrithe deonacha maidir le spórt a soláthar agus rannpháirtíocht ar gach leibhéal.

Rannpháirteachas i gClubanna agus Imeachtaí:

- Tacú le CÁSanna agus CNRanna chun tionscnaimh rannpháirtíochta sóisialta a chruthú a bhfuil mar aidhm acu ballraíocht i gclubanna a mhéadú.
- Timpeallacht a chothú ina dtugtar aitheantas agus ina léirítear meas ar rannpháirtíocht shóisialta sa spórt (m.sh. trí bhallraíocht i gclubanna nó obair dheonach).



Colún 4: Comhoibriú agus Cuir Chuige Chomhtháite a Chothú

Cuspóir: Comhpháirtíochtaí straitéiseacha agus comhoibriú oibríochtúil ar fud na hearnála spóirt in Éirinn a neartú, chun pleanáil agus sruthanna maoinithe comhtháite a chinntiú, chomh maith le seachadadh éifeachtúil na dtionscnamh rannpháirtíochta.

Príomhghníomhartha:

- **Grúpaí Oibre tras-rannacha:** Grúpaí oibre a bhunú agus tacú leo chun tionscnaimh trasearnála a bhrú chun cinn. Tacú le tosaíochtaí trasrialtais a sholáthar agus a chinntiú go bhfuil siad i gcomhréir le spriocanna náisiúnta rannpháirtíochta.
- **Comhpleanáil agus Comhroinnt Acmhainní:** Comhpleanáil a chur chun cinn agus a éascú, tionscadail chómhaoinithe idir CÁSanna agus CNRanna, rannpháirtíocht a chomhordú ar fud na hearnála, acmhainní comhroinnte ó CÁSanna, CNRanna, Forais Ardoideachais agus comhlachtaí maoinithe eile chun leas a bhaint as saineolas agus tionchar a bharrfheabhsú.
- Oibriú leis an **teicneolaíocht agus nuálaíocht** is déanaí chun rochtain ar dheiseanna rannpháirtíochta a fheabhsú agus chun tacú leo
- **Rialachas le haghaidh Comhoibriú:** Struchtúir rialachais agus sásraí tuairiscithe a neartú chun córais níos láidre a chruthú chun borradh a chur faoi chomhoibriú
- **Cleachtais inbhuanaithe san fhorbairt spóirt a chur chun cinn**, agus tionchar ar an gcomhshaol agus inmharthanacht fhadtéarmach á gcur san áireamh. Pobail agus rialtas áitiúil a nascadh le cleachtais inbhuanaithe i bhforbairt saoráidí
- **Éirigh Gníomhach in Éirinn a chur chun cinn** mar an pointe lárnach chun faisnéis riachtanach faoi rannpháirtíocht a chur ar fáil don phobal, chomh maith le bheith ina uirlis anailíse agus pleanála do phríomhpháirtithe leasmhara agus ranna rialtais chun cinnteoireacht níos fearr a dhéanamh agus beartais spriocdhírithé níos láidre don rannpháirtíocht a chruthú.

Cumarsáid

Gné thábhachtach den phlean seo a chur i gcrích go rathúil is ea plean iomchuí feasachta agus cumarsáide a sholáthar chun tacú leis an bplean. Oibreofar le foireann Cumarsáide Spóirt Éireann agus le Foireann Cumarsáide an Líonra CÁSanna, agus bainfear úsáid sa phlean seo as feachtais éifeachtacha agus comhordaithe chun tacú le tosaíochtaí an phlean a bhaint amach.

Príomhghníomhartha

- Feachtais chumarsáide spriocdhírthe a fhorbairt do gach grúpa faoi ghannionadaíocht, agus béim á leagan ar bhuntáistí sonracha sna cláir agus ar scéalta ratha.
- Ábhair chumarsáide inrochtana agus ionchuimsitheacha a chruthú (m.sh. formáidí atá éasca le léamh, teangacha éagsúla, áiseanna amhairc) do chláir a dhíríonn ar dhaoine faoi mhíchumas agus iad siúd i bpobail faoi mhíbhuntáiste.
- Feachtais feasachta phoiblí a sheoladh faoina thábhachtaí atá rochtain ar shaoráidí spóirt pobail agus scoile, agus leas a bhaint as na meáin áitiúla agus cainéil phobail.
- Feachtas náisiúnta a fhorbairt chun áineas faoin aer a chur chun cinn, ag moladh gníomhaíochtaí éagsúla agus ag cur béime ar na buntáistí don tsláinte agus folláine, chomh maith le príomh-theachtaireachtaí maidir le hiompar freagrach sa timpeallacht faoin aer.
- Éirigh Gníomhach in Éirinn a chur chun cinn mar an áit le teacht ar fhaisnéis faoin gcaoi le héirí gníomhach in Éirinn.
- Straitéis cumarsáide a chruthú don tionscnamh “Meas ar Oifigigh”, agus úsáid á baint as fógraí seirbhíse poiblí, na meáin shóisialta agus ábhair oideachais do chlubanna agus don lucht féachana.
- Scéalta ratha faoi chóitseálaithe agus oifigigh a chur chun cinn trí chainéil Spóirt Éireann agus líonraí comhpháirtithe.
- Feachtas náisiúnta a sheoladh chun oibrithe deonacha a cheiliúadh agus a earcú, na ról agus buntáistí éagsúla a bhaineann leis an obair dheonach a thaispeáint, agus bheith ag obair le Cónaidhm Spóirt na hÉireann agus le príomhpháirtithe leasmhara eile (lena n-áirítear ionaid oibre) chun tosaíochtaí a ailíniú.

Tomhas agus Tuairisciú

Déanfar faireachán leanúnach ar an dul chun cinn i gcomparáid leis an bPlean Rannpháirtíochta seo agus úsáid á baint as Monatóir Spóirt na hÉireann agus as léargais cháilíochtúla ó mheastóireachtaí ar chláir. Trí bheith ag obair le foireann Taighde agus Meastóireachta Spóirt Éireann chun an plan seo a chur i gcrích, bainfear úsáid as fianaise láidir chun tuiscint a fháil ar dhinimic agus bacainní, chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht clár, agus mar bhonn eolais do chinntí faoi bheartas agus infheistíocht amach anseo.

Príomhghníomhartha:

Taighde Straitéiseach agus Faireachán:

- Taighde bunaithe ar an eolaíocht iompraíochta a threorú agus tacú leis chun tuiscint a fháil ar spreagthaí agus bacainní maidir le spóirt agus gníomhaíocht choirp, le bheith mar bhonn eolais faoi idirghabhálacha éifeachtacha chun athrú a chur ar iompraíocht.
- Léargais agus torthaí ó thaighde a chomhroinnt go gníomhach le CÁSanna, CNRanna agus an earnáil spóirt i gcoitinne chun planáil fhianaise-bhunaithe a éascú.
- Comhoibriú le hOifig an Rialála Pleanála faoi fhorbairt sonraí agus chun faireachán a dhéanamh ar an bhfad achair chuig saoráidí spóirt agus áineasa do phobail, agus chun iad a laghdú dá réir, ag díriú go sonrach ar riachtanais leanaí, daoine breacaosta agus daoine faoi mhíchumas.
- Faoi cheannaireacht Roinn an Taoisigh, páirt a ghlacadh sa tionscnamh taighde trasrialtais le comhpháirtithe tábhachtacha sa tsochaí shibhialta chun na bacainní ar rannpháirtíocht sa spóirt do leanaí beo bocht a laghdú.

Dianmheastóireacht:


- Beartas Taighde agus Meastóireachta Spóirt Éireann a chur i bhfeidhm, ag díriú ar an gceist “cad a oibríonn, le haghaidh cén duine, faoi cén dálaí?” a fhreagairt maidir le gach tionscnamh rannpháirtíochta, lena chinntiú go mbeidh ár gcleachtas féin agus cleachtas ár gcomhpháirtithe bunaithe ar mheastóireacht.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar thaithí rannpháirtithe le seirbhísí agus cláir a bhí maoinithe ag Spóirt Éireann chun léargais cháilíochtúla a fháil ar rannpháirtíocht agus coinneáil.

Príomhtháscairí Feidhmíochta faoi 2027

| Príomhtháscaire Feidhmíochta | 2024 | 2027 |
|--|--|--------|
| Ráta rannpháirtíochta ag daoine fásta | 49% | 50%* |
| Grádán rannpháirtíochta idir fir agus mná | 2.8% | 0% |
| Ráta rannpháirtíochta sóisialta ag daoine fásta (obair dheonach, ballraíocht i gclubanna, freastal ar imeachtaí) | 46% | 55% |
| Rannpháirtíocht ag daoine a bhfuil breoiteacht fhadtéarmach acu nó atá faoi mhíchumas | 32% | 40% |
| Bonnlíne chruinn rannpháirteachais i ngníomhaíochtaí áineasa faoin aer a chruthú | Le bunú | +15% |
| Rannpháirtíocht i measc na dtrí ghrúpa leis an ioncam is ísle | 37% | 40% |
| An líon cóitseálaithe agus oifigeach atá cáilithe agus gníomhach ar fud na leibhéal go léir | 250,000+ cóitseálaí gníomhach An líon oifigeach le bunú | |
| An líon Pleananna Spóirt Áitiúla curtha i bhfeidhm agus ag cur go gníomhach le spriocanna rannpháirtíochta | 7 | 31 |
| Bonnlíne a chruthú agus méadú a chur ar an líon clár spriocdhírthe do ghrúpaí faoi ghannionadaíocht a sholáthraítear agus a ndéantar meastóireacht orthu trí thionscnaimh mar shampla an clár ESF+ | Le bunú | +15% |
| An líon úsáideoirí poiblí le haghaidh Éirigh Gníomhach in Éirinn in aghaidh na míosa | 1,500 | 10,000 |
| An líon uaireanta a ndéantar Éirigh Gníomhach in Éirinn a leabú i bhforbairt agus soláthar beartais ar leibhéal an Rialtais agus an Rialtais Áitiúil | 4 | 6 |

Cuirtear an fás measta ar an daonra san áireamh sna spriocanna céatadán thuas.

Tá coinne leis go sroichfidh daonra na hÉireann 5.55 milliún in 2027 ([staitisticí eisithe ag an bPríomh-Oifig Staidrimh, 16 Iúil 2024](#)).



Beidh an Plean Rannpháirtíochta seo bunaithe ar phlean gníomhaíochta fairsing ina bhfuil spriocanna agus amlínte soiléire. Déanfar dian-fhaireachán air, go himheánach agus ag Bord Spórt Éireann, ar bhonn tráthrialta.

Beidh an Plean Rannpháirtíochta seo mar threoir do Spórt Éireann agus dá chomhpháirtithe chun tírdhreach spóirt a bheidh fíor-ghníomhach agus fíor-ionchuimsitheach a chruthú ar fud na hÉireann chun leasa gach duine, bunaithe ar infheistíocht iomchuí agus fáil ar acmhainní chun é a chur i gcrích.







SPÓRT
ÉIREANN
RANNPHÁIRTÍOCHT

SPORT
IRELAND
PARTICIPATION